Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# Nóta Faisnéise 2023/2

ALT 35
ACHT NA gCUIDEACHTAÍ (AN tÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH), 2021
TOSACH FEIDHME ALT 888A D'ACHT NA gCUIDEACHTAÍ, 2014

CEANGLAS AR STIÚRTHÓIRÍ CUIDEACHTA UIMHREACHA PSP A SHOLÁTHAR AGUS DOICIMÉID ÁIRITHE Á gCOMHDÚ ACU

Arna nuashonrú an 12 Meitheamh 2023

**Ceanglas nua uimhreacha PSP agus uimhreacha céannachta fíoraithe a thabhairt do Chláraitheoir na gCuideachtaí**

Le héifeacht ón 11 Meitheamh 2023[1], tosaítear le halt 35 d’Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021, alt nua 888A d’Acht na gCuideachtaí, 2014, rud lena gceanglófar ar stiúrthóirí cuideachtaí Éireannacha uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (‘PSP’) nó uimhir chéannachta fíoraithe a áireamh agus na foirmeacha seo a leanas á gcomhdú acu leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (‘CRO’):

- Foirm A1 – cuideachta nua a chorprú,
- Foirm B1 – tuairisceán bliantúil,
- Foirm B10 / B69 – fógra a thabhairt faoi athrú stiúrthóra.

Leis an gceanglas sin, cabhraítear le mí-úsáid céannachtaí stiúrthóra a chosc agus le sláine chlár na gcuideachtaí a chosaint.

**An ceanglas i gcás nach bhfuil uimhir PSP ag stiúrthóir**

Ba cheart d’aon stiúrthóir nach bhfuil uimhir PSP aige nó aici iarratas a dhéanamh chuig CRO ar uimhir chéannachta fíoraithe. Ba cheart an t-iarratas a dhéanamh trí úsáid a bhaint as Foirm VIF (*Dearbhú maidir le Fíorú Céannachta*), rud a bheidh ar fáil ar thairseach CORE[2]. Ní cheanglaítear ach foirm VIF amháin i leith gach stiúrthóra. A luaithe a bheidh uimhir chéannachta fíoraithe eisithe ag an gCláraitheoir, beifear in ann an uimhir sin a úsáid chun comhduithe a dhéanamh amach anseo don duine sin.

I gcás go bhfuair stiúrthóir uimhir fíorúcháin roimhe sin mar chuid de phróiseas comhdúcháin an Chláir um Úinéireacht Thairbhiúil (‘RBO’), beidh sé nó sí in ann an uimhir RBO sin a úsáid mar uimhir chéannachta fíoraithe do chomhduithe CRO.

Aon eintiteas iomchuí a mhainneoidh uimhir PSP a chomhdú le CRO i gcás gur sannadh uimhir den sórt sin do stiúrthóir agus/nó a chuirfidh foirm iarratais VIF isteach i gcás gur ann d’uimhir PSP don stiúrthóir sin cheana féin, beidh sé ciontach i gcion de chuid Earnáil 4[3].

**Úsáid na faisnéise ag CRO**

Déanfaidh CRO an céadainm, an sloinne, an dáta breithe agus an uimhir PSP a cuireadh isteach don stiúrthóir a fhíorú tríd an bhfaisnéis sin a chros-seiceáil in aghaidh sonraí atá ina seilbh ag an Roinn Coimirce Sóisialaí (‘RCS’).

Dheimhnigh CRO go bhforchoimeádann sé an ceart chun diúltú d’aon aighneacht i gcás go bhfuil neamhréireachtaí ann idir an fhaisnéis a cuireadh isteach agus an fhaisnéis atá ina seilbh ag RCS. D’fhéadfadh pionóis chomhdúcháin dhéanaigh agus moilleanna ar dhátaí comhdúcháin tuairisceáin bhliantúil a chomhlíonadh a bheith ann mar thoradh ar dhiúltuithe den sórt sin.

I gcás gur gá taifid RCS a sheiceáil/a leasú, ní mór do na stiúrthóirí féin é sin a dhéanamh, toisc nach bhfuil gníomhairí comhdúcháin in ann é sin a dhéanamh thar a gceann.

---

[1] An 8 Meitheamh 2023, shínigh Dara Calleary TD, an tAire Stáit um Chur Chun Cinn na Trádála, Cúrsaí Digiteacha agus Rialáil Cuideachtaí, an tOrdú um Thosach Feidhme lena dtugtar éifeacht d’alt 35 d’Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021. Athraíodh an dáta tosach feidhme ón 23 Aibreán 2023 go dtí an 11 Meitheamh 2023.
[2] https://core.cro.ie/
[3] Alt 888A(2) d’Acht na gCuideachtaí, 2014

**Coinneáil faisnéise ag CRO**

Coinneofar uimhreacha PSP, uimhreacha RBO agus uimhreacha céannachta fíoraithe go slán i bhformáid dho-aisiompaithe haiseáilte/chriptithe, agus stórálfar go slán iad. Ní bheidh aon bhall foirne de CRO ná aon pháirtí eile in ann iad a rochtain, agus ní chomhroinnfear iad le haon tríú páirtí ná le haon duine den phobal.

Déanfaidh CRO an leagan haiseáilte de na huimhreacha a mheaitseáil le comhduithe amach anseo chun nach ndúblálfar aon taifid stiúrthóra.

**Ní bheifear in ann amharc ar an bhfaisnéis go poiblí**

Ní bheidh uimhreacha PSP, uimhreacha RBO ná uimhreacha céannachta fíoraithe inrochtana ar an gclár poiblí.

**Pionós i leith neamhchomhlíonta**

De réir alt 888A(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, aon duine a mhainneoidh an ceanglas seo a chomhlíonadh, gan cúis chóir, beidh sé nó sí ciontach i gcion de chuid Earnáil 4, rud a bhféadfar fíneáil is fiú €5,000 ar a mhéad a ghearradh ina leith.

**AN tÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH**
**6 AIBREÁN 2023**

**Nóta: Arna nuashonrú an 12 Meitheamh 2023 chun an t-athrú ar an dáta tosach feidhme a léiriú**

**info@cea.gov.ie**

**An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (cea.gov.ie)**

**An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach: Forbhreathnú | LinkedIn**

**An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (@CEA_Ireland) / Twitter**

**AGUISÍN 1**

## ALT 35
## ACHT NA gCUIDEACHTAÍ (AN tÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH), 2021

Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 888: “888A.

(1) Ar thosach feidhme alt 35 d’Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021, agus dá éis sin, agus d’ainneoin alt 262(9) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, déanfaidh stiúrthóir a uimhir phearsanta seirbhíse poiblí nó a huimhir phearsanta seirbhíse poiblí (nó, in aon chás nach mbeidh uimhir phearsanta seirbhíse poiblí ag an stiúrthóir, cibé faisnéis eile a bhaineann le céannacht an stiúrthóra a chinnfidh an Cláraitheoir chun críocha an ailt seo) a áireamh—

(a) in iarratas a dhéanfaidh sé nó sí faoin Acht seo ar chuideachta a chorprú,

(b) i dtuairisceán bliantúil a dhéanfaidh cuideachta ar stiúrthóir di é nó í faoin Acht seo, agus

(c) i bhfógra faoi athrú stiúrthóirí nó rúnaithe a dhéanfaidh cuideachta ar stiúrthóir di é nó í faoin Acht seo.

(2) Aon duine a mhainneoidh, gan cúis chóir, fo-alt (1) a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion de chuid earnáil 4.

(3) San alt seo, ciallaíonn ‘uimhir phearsanta seirbhíse poiblí’, i ndáil le stiúrthóir, an uimhir a eisíodh chuig an stiúrthóir de réir alt 262(2) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005.”.